

Sinech Cró, an mháthair chíce agus an t-altramas in Éirinn sa Mheánaois



Aogán Ó hIarlaithe

Celtica 29 (2017), 55–75

DOI: 10.58480/SCS-hruq2-naynk

DIAS

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.
This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

SINECH CRÓ, AN MHÁTHAIR CHÍCHE AGUS AN tALTRAMAS IN ÉIRINN SA MHEÁNAOIS¹

ABSTRACT

The character Sinech Cró appears in the text *Cath Cairn Chonaill*. We are told there that she raised Díarmait mac Áeda Sláine. Her name is an unusual one, the first element of which may be based on the word *sine* ‘teat, pap’. Should the name mean ‘teated one’ it raises questions about the role of the foster mother and whether it involved wet nursing. Seven is often taken as the age at which fosterage began, at which stage a wet nurse would no longer be required. Questions will be raised as to the age at which fosterage began, the nature of that fosterage and the role of the foster mother.

Castar an phearsa Sinech Cró orainn sa scéal *Cath Cairn Chonaill*.² Ní thagraítear di, go bhfios dom, lasmuigh den dtéacs so. Deirtear sa chéad líne gur oil sí Díarmait mac Áeda Sláine.³ Seo mar a chuirtear in aithne dhúinn í:⁴ *Diarmait mac Aeda Sláine Sinech Cró rod n-alt* ‘Díarmait mac Áeda Sláine, ar altramaigh Sinech Cró é.’⁵ Ainm neamhghnách é nár mhiste a bhunús a fhiosrú. Ag iniúchadh a bhrí, ardaítear ceisteanna mar gheall ar an altramas go ginearálta agus ról na máthar altrama go háirithe. Is féidir a áiteamh gur ‘í siúd a bhfuil siní uirthi’ nó ‘an té a tháirgeann bainne’ is bunús leis an ainm, agus go bhféadfadh baint a bheith aige le máithreachas cíche. Is minic ráite, áfach, gur ag seacht mbliana a thosnaíodh altramas in Éirinn,⁶

¹Táim go mór fé chomaoín ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn a bhronn scoláireacht orm chun dul i mbun taighde. Gabhaim buíochas leis an Ollamh Máirín Ní Dhonnchadha, leis. Léigh sí dréachtaí éagsúla den aiste seo agus phléigh liom iad. Táim buíoch d’eagarthóirí *Celtica* agus den léitheoir seachtrach as a gcuid ceartúchán agus moltaí. Is mise amháin is cúis le pé botúin nó laigí atá fágtha.

²Whitley Stokes (eag.), ‘The battle of Carn Conaill’, *ZCP* 3 (1901), 203–19.

³Ba mhac ardrí de shliocht Néill é Díarmait a d’fhás suas le bheith ina ardrí é féin: feic F. J. Byrne, *Irish Kings and High-Kings* (Londain, 1973), 281.

⁴Tá na sleachta ar fad a thógtar as téacsanna meánaoiseacha san fhoirm chéanna ina bhfaightear iad sna heagráin as a dtógtar iad. Seachas lánstad ag deireadh sleachta ní dheinim aon eagarthóireacht. Nuair a bhíonn aistriúchán ag gabháil leis an eagrán tugaim é. Nuair is mise a aistríonn cuirim sin in iúl.

⁵*LU* 1. 9568, aist. agam féin. Ní deirtear a thuilleadh linn mar gheall ar an gcaidreamh idir Sinech agus Díarmait. Cuirtear dhá dhán ina béal ina dhiaidh so, ceann ina ngriósann sí Díarmait chun troda ar a son agus an dara ceann á mholadh tar éis an chatha.

⁶Feic, mar shampla, T. M. Charles-Edwards, *Early Christian Ireland* (Cambridge, 2000), 116; Bart Jaski, ‘Cú Chulainn, *gormac* and *dalta* of the Ulstermen’, *CMCS* 37 (Samhradh 1999), 1–31, ar 22; L. M. Bitel, *Land of Women: Tales of Sex and Gender from Early Ireland* (Nua-Eabhrac, 1996), 87; J. C. Bledsoe, ‘St Ita of Killeedy and spiritual motherhood in the Irish hagiographical tradition’, *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 32 (2012), 1–29, ar 14; Ute Kühlmann, *Die irische Ziehkindschaft im europäischen Kontext, 7. bis 16. Jahrhundert* (Husum, 2017),

tráth i bhforbairt an linbh nach mbeadh aon ghá aige le máthair chíche. Tá go leor fianaise gur ag aois i bhfad níb óige a tharlaíodh sé. Gné amháin den bhfianaise sin ná sanasaíocht ainm na mná so.

AN TAINM *SINECH*

In *DIL* aistrítear an aidiacht *sinech* mar ‘having (large) teats or paps’.⁷ Go praiticiúil, is léir go bhfuil an tábhacht chéanna, ar a laghad, le cumas na gcíoch bainne a thál is atá len iad a bheith ann ar chor ar bith, dá mhéad iad. Úsáidtear *sinech* i nGluais Uí Dhubh Dá Bhoireann mar mhíniú ar an bhfocal [*s*]ruaimnech .i. *sinech* nó *sombleoghain* nó *sirsruaimnech* nó *sirsomainech* nó *sruth sinach* ‘having teats, or a good milker, or constantly-streamy, or long-profitable, or a teatful stream’.⁸ Is léir go bhfuil i gceist *sinech* a bheith mar shionanaim de na focail eile a liostaítear, agus is fearr focal ar nós ‘flowing’ a úsáid chun é a aistriú anso, go háirithe an dara huair a luaitear é. Chiallódh sé seo go bhféadfaí an t-aistriúchán amhrasach ‘teatful stream’ a sheachaint. Is ann fós don aidiacht sa Nua-Ghaeilge, dar ndóigh. I measc na dtéarmaí a sholáthraíonn an Duinníneach tá ‘having teats, freely yielding milk’.⁹ Úsáidtear é go substainteach i ngluais Shean-Ghaeilge ar an ndlí a bhaineann le tochtas, *Cethairslicht Athgabálae*. Aistríonn eagarthóirí *AL* an tabharthach iolra *se sinechaib*, atá mar ghluais ar .ui. *delechaib*, mar ‘six milch cows’;¹⁰ aistríonn Neil McLeod é mar ‘six uddered beasts [...] “uddered ones”, an oblique reference to cattle, in which a characteristic part refers to the whole’.¹¹ Cuireann *DIL* síos ar an bhfocal *delech* mar ‘having udders, milch cow’. Eascaíonn sé seo as an ainmfhocal *dela* ‘teat, dug’. Is féidir *dela* a úsáid go fáthchiallach chun cion nó cóngas a chur in iúl.¹²

45–6: táim fê chomaoín ag an Ollamh Ruairí Ó hUiginn a chuir an leabhar so ar m’eolas agus a tharraing m’aírd ar chodanna cuí dhe; áitíonn Kühlmann go dtosnaíodh altramas thart ar sheacht mbliana de ghnáth, ach aithníonn sí go raibh cásanna eisceachtúla ann, leis. D’aithin Séamus Ó h-Innse, ar an láimh eile, go dtosnaíodh altramas ana-luath ar fad: ‘[c]hildren were sent to be fostered at the very earliest age’ (‘Fosterage in Early and Mediaeval Ireland’, tráchtas neamhfhoilsithe PhD, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, 1943, 8). Áitíonn Bronagh Ní Chonaill nach amháin go dtosnaíodh altramas ag aois ana-óg ach go mbíodh máithreacha cíche bainteach leis an gcúram, leis: ‘Fosterage: child-rearing in medieval Ireland’, *History Ireland* 5/1 (Earrach 1997), 28–31, ar 28; glacaim leis go bhfuil a cuid tuairimí bunaithe ar a tráchtas PhD (‘The place of the child in medieval Irish and Welsh law’: feic <https://www.tcd.ie/history/postgraduate/research/theses.php>), nach raibh teacht agam air i leabharlann Choláiste na Tríonóide. Ba chuid lárnach de shocháí mheánaoiseach na hÉireann an t-altramas a bhí in úsáid go forleathan ar fud na tíre. Chun léargas ginearálta a fháil air, feic Fergus Kelly, *A Guide to Early Irish Law* (Baile Átha Cliath, 1988), 86–91.

⁷*DIL* s.v. 2 *sinech*.

⁸Whitley Stokes (eag.), ‘O’Davoren’s glossary’, in *ACL* ii, 197–504, ar 453.

⁹P. S. Dinneen (eag.), *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: An Irish-English Dictionary, Being a Thesaurus of the Words, Phrases and Idioms of the Modern Irish Language* (Baile Átha Cliath, 1904, eag. nua 1927), s.v. *sineach*.

¹⁰*CIH* ii, 353.11; 352.28–9; *AL* i, 66, aist. 67.

¹¹Neil McLeod, ‘Fergus mac Léti and the law’, *Ériu* 61 (2011), 1–28, ar 9–10. Miníonn McLeod níos déanaí (17) gur trí bhó lena dtrí lao atá i gceist.

¹²*DIL* s.vv. *delech* agus 1 *dela*.

D'fhéadfadh an nasc céanna a bheith ag ainm Shinche le cion agus cóngas.¹³ B'fhuirist máithreachas ciche a shamhlú mar cheann dá cuid dualgas mar mháthair altrama naíonáin nó naíonán a bheadh fëna cúram. Ar an gcuma chéanna a bhronnadh raidhse tuismitheoirí altrama gradam ar leanbh, thugadh a lán deartháireacha agus deirfiúracha altrama i gcéim é, leis.¹⁴ Bheifí ag súil lena leithéid i gcás linbh uasail mar Dhiarmait.¹⁵ Má ráinig gur thug Sinech Cró an chioch do scata leanaí altrama, is dóichí go mór gur ainmníodh as an gcúram tábhachtach san í.

Ní mór tagairt anois do bhealach eile ar fad chun an chéad eilimint d'ainm Shinche a mhíniú. Mar a tharlaíonn, bhí roinnt naomh ann a raibh Sinech mar ainm orthu. Seo mar a mhíníonn Pádraig Ó Riain é: '[p]robably derived from *sean* "old"'.¹⁶ Más *sen* le foirceann atá ann, bheifí ag súil, de ghnáth, le *-ach* tar éis *n* leathain: 'the synchronic rule for Old Irish is that [the suffix] is spelt *-ach* where the final consonant of the base is non-palatal and *-ech* after bases with a palatal final consonant'.¹⁷ Ar an láimh eile, '[a]lthough the synchronic rule for the distribution of the written forms *-ach* and *-ech* seems to have been as stated above, there are a considerable number of cases where both qualities [...] are attested [...] e.g. *díthach* : *díthech*, *delgnach* : *deilgnech*'.¹⁸ Rud eile dhe, deireann Russell gur minicí fréamhaithe a bheith bunaithe ar ainmfhocail ná ar aidiachtaí.¹⁹ Ní mór glacadh leis, mar sin, ar bhonn teoriciúil, go bhféadfadh an t-ainmfhocal *sine* 'old age' a bheith i gceist chomh maith céanna le *sine* 'teat, pap'.²⁰ Is díol suime é, áfach, go raibh baint

¹³Ag easaontú le M. A. O'Brien, 'unlike an ordinary word, the meaning of which can be determined, a name has no meaning', deireann Brian Ó Cuív '[i]t is obvious that when we talk of nouns and adjectives and compounds of these, we cannot ignore the lexical value of the elements in question. That is not to say that such meanings were necessarily attached to the names, although it seems reasonable to believe that at least in the first instance when it was used many a name was meaningful': 'Aspects of Irish personal names', *Celtica* 18 (1986), 151–84, ar 159.

¹⁴Máirín Ní Dhonnchadha, '*Inailt* "foster-sister, fosterling"', *Celtica* 18 (1986), 185–91, ar 188.

¹⁵Feic, mar shampla, an cur síos ar an bpearsa mhiotaseolaíoch Máel Dúin, duine de cheathrar leanaí altrama a tógadh le chéile: '[r]odn-alt iarom óen mumme éseom γ tri maic ind rig i n-óenchliab γ for áenchich γ for áenchúd '[n]ow the one fostermother reared him and the king's three sons, in one cradle, and on one breast, and on one lap' (Whitley Stokes (eag.), 'The voyage of Mael Duin', *RC* 9 (1888), 447–95, ar 454, aist. 455). Deireann Bart Jaski gur minic nasc a bheith idir an ghlúin agus altramas: 'Cú Chulainn, *gormac* and *dalta*', 23, roinnt tagairtí 24 n. 93. Is léir ón litríocht gur minic, leis, nasc a bheith idir an chioch agus altramas.

¹⁶Pádraig Ó Riain (eag.), *A Dictionary of Irish Saints* (Baile Átha Cliath, 2011), 563, s.v. *Sineach*. Faightear *Senach* mar ainm sa Ghaeilge, leis, dar ndóigh. Is dócha, de réir teoirice, go bhféadfaí é a thabhairt ar fhear nó ar bhean ach é a infhilleadh mar *o-* nó mar *ā-*thamhan mar is gá, cosúil leis an ainm Cellach: feic Ó Cuív, 'Aspects of Irish personal names', 157.

¹⁷Paul Russell, *Celtic Word-Formation: The Velar Suffixes* (Baile Átha Cliath, 1990), 86.

¹⁸Ibid. Pléadh an t-ainm Sinech ar Twitter, leis (14 Deireadh Fómhair 2016). Deireann @ChronHib '*Sinach* looks like a variant of *Senach* "old one", but with suffix **-uko-* instead [of] **-ako-*; not [a] very frequent suffix, I think', agus '[a]n alternative: *Sinech* [...] could be an adjective derived from *sine* "teat, pap"': ar fáil ag <https://twitter.com/ChronHib/status/787150955867467776> (léite 13 Samhain 2016).

¹⁹Russell, *Celtic Word-Formation*, 87. Maidir le haidiachtaí a chumtar leis an bhfoirceann *-ach*, ní sholáthraíonn Thurneysen ach samplaí d'ainmfhocail + *-ach*, gan tagairt oiread is uair amháin aige d'aidiacht + *-ach*: *GOI* §347.

²⁰*DIL* s.vv. 2 agus 3 *sine*.

ag duine amháin de na ban-naoimh den ainm seo le hoiliúint: *sanctissima uirgo Segnith sub cura sancti patris Abbani sanctas uirgines Deo nutriuít* ‘an ógh ribheannaithe Segnith, a d’oil ógha beannaithe ar son Dé fé chúram an athar cháidh Abbas.’²¹ Tuairimíonn Ó Riain gur truailliú de *Shinech* atá san ainm *Segnith*.²² Ciallaíonn an briathar *nutrire* ‘to suckle, nourish, feed, foster’,²³ agus cá bhfios ach go raibh baint ag na ban-naoimh seo le leanaí a oiliúint? Níl dóthain cur amach, áfach, ar an gcúigear eile a luann Ó Riain len é seo a chruthú nó a bhréagnú, ach dealraíonn tromachar na fianaise gur ‘teated one, milk producer’ is brí leis an ainm.²⁴

AN CÓNGAS BAINNE

D’fhéadfadh baint ghinearálta a bheith ag an ainm *Sinech* le deasghnátha an chongais bhainne, nó ‘milk kinship’, leis, comhghaol a bhí coitianta i sochaithe ina raibh siolrú bó lárnach sa gheilleagar.²⁵ Is féidir an cóngas san a bheith bunaithe ar thál litriúil nó ar thál siombalach. Tá an chuma ar an scéal go mbaineann cóngas siombalach bainne leis an sliocht cáiliúil as *Confessio* Phádraig ina ndiúltaíonn an naomh cíocha na mairnéalach a dhiúl agus é ag iarraidh teitheadh as Éirinn.²⁶ Áitíonn Jacqueline Borsje go mb’fhéidir gur deasghnáth ó ré na págántachta a bhí ann a d’fhág an té a dhiúl spleách ar an dté a thug an chíoch.²⁷ Fuair an té a dhiúl cosaint as an gcleachtadh úd.²⁸ Tá an méid seo le rá ag Dorothy Ann Bray mar gheall ar eachtra a bhaineann le Fergus mac Léti, nuair a dhiúl abhac a chíoch:²⁹ ‘[t]he aspect of suckling here is clearly ritualistic in its function and contractual in its effect, involving as it does the seeking and acquiring of protection.’ Níl aon ‘hint of a nurturing role’ anso,³⁰ ná i gcás Phádraig ach oiread.³¹

²¹Charles Plummer (eag.), *Vitae Sanctorum Hiberniae* (Oxford, 1910), i, 23 (§32), aist. agam féin.

²²Ó Riain, *A Dictionary of Irish Saints*, 564, s.v. *Sineach of Kilshine*.

²³C. T. Lewis agus Charles Short (eag.), *A Latin Dictionary, Founded on Andrews’ Edition of Freund’s Latin Dictionary* (Oxford, 1879), s.v. *nutrio*.

²⁴Cf. *bruinne* ‘breast(s), bosom, chest’ > *bruin(n)ech* ‘mother’: *DIL* s.v.v.

²⁵Feic Bernhard Maier, ‘*Sugere mammellas*: a pagan Irish custom and its affinities’, in Ronald Black, William Gillies agus Roibeard Ó Maolalaigh (eag.), *Celtic Connections: Proceedings of the Tenth International Congress of Celtic Studies. Volume One: Language, Literature, History, Culture* (East Linton, 1999), 152–61, ar 160.

²⁶Ludwig Bieler (eag.), *Libri Epistolarum Sancti Patricii Episcopi: Introduction, Text and Commentary* (Baile Átha Cliath, 1993), i, 66 (§18).

²⁷Jacqueline Borsje, ‘Celtic spells and counterspells’, in Katja Ritari agus Alexandra Berg-holm (eag.), *Understanding Celtic Religion: Revisiting the Pagan Past* (Cardiff, 2015), 9–50, ar 13–14.

²⁸D. A. Bray, ‘Suckling at the breast of Christ: a spiritual lesson in an Irish hagiographical motif’, *Peritia* 14 (2000), 282–96, ar 285–6.

²⁹D. A. Binchy (eag.), ‘The saga of Fergus mac Léti’, *Ériu* 16 (1952), 33–48, ar 38 (§5), aist. 42.

³⁰Bray, ‘Suckling at the breast of Christ’, 285–6.

³¹Is dóigh le Bernhard Maier go mb’fhéidir gur chleacht Ceiltigh na mór-roinne nósanna a bhí gaolmhar leis seo, leis. Tá foirm an tabharthaigh d’ainm a bhaineann le bandia le feiscint in CICOLLUI, a fhaightear ar roinnt inscríbhinní ar an Mór-roinn. Deineann Maier anailís air seo mar *cich*, sa chiall *cotach* nó *cairdes* ‘covenant, pact, friendship’, nasccha le *oll* ‘great’. Diríonn sé (*Sugere mammellas*, 154 n. 9) ár n-aird ar *Corpus Inscriptionum Latinarum* (Beirlín, 1889–1905), xiii.1–2 (§§2887, 5479, 5598, 5599 agus 5601). Is fiú a lua go bhfuil carachtar darb ainm

Siolraíonn nósanna a bhaineann le cíoch a dhiúl as gnásanna a d'fhás ar mhaithe le 'interdomestic allegiance and tributary patronage' a fhorbairt, agus bhí gaolta cliarlathacha altramaís mar seo coitianta i gceantair imeallacha na hEorpa. Cuireann E. A. Hammel síos ar an gcóngas baine sa tSeirbia mar seo: 'the fictive kinship relationship between two children suckled by the same woman, but otherwise unrelated.' Ina chuid taighde ar an nós sa domhan Arabach, tugann Soraya Altorki le fios nach amháin idir na leanaí a chothaítí a d'fhás comhghaol ach idir an bhean agus an leanbh, leis: '[*radā*'] denotes the relationship between a child and a woman, not its own mother, who nursed it.'³² Chruthaigh sé seo caidreamh eatarthu siúd a bhí comhpháirteach ann, agus le gaolta áirithe dá gcuid, lenar bhain na cearta agus na dualgaís chéanna a bhain le gaolta fola.³³ De réir *Cáin Lánamna*, an dlí a bhaineann le coibhneas, tá an caidreamh idir buime agus mac altrama ar comhchéim leis an gcaidreamh idir máthair agus mac fola.³⁴ Deireann Peter Parkes, antraipeolaí, gur féidir anailís Hammel a leathnú chun féachaint ar shaghasanna eile cóngais dhéanta, nó 'constructed kinship', in eitseagrafaíocht stairiúil na hEorpa agus na hÁise.³⁵

AN BRIATHAR *AILID*

Is é eagrán Whitley Stokes de *Cath Cairn Chonaill* a leanadh thuas ag aistriú -*alt* mar 'd'altramaigh'. Úsáideann seisean 'fostered'.³⁶ Ní mór tagairt do bhrí an bhriathair *ailid* ag an bpointe seo. Aistrionn *DIL* é mar 'nourishes, rears, fosters'.³⁷ Ní léir anois, áfach, cad dó go díreach a dtagraíonn an briathar *ailid* as measc na mbríonna so, agus is deacair a rá an úsáidtear é do ghníomhartha a dheintí a idirdhealú go léacsach, tráth, nó nach ndéintí. Tá an méid seo le rá ag Parkes:

Although infant suckling, nursing, and child fosterage were lexically conflated by this time, medieval Irish legends seem to have retained a *moral partitioning* of differential degrees of adoptive

Cichuil in Togail Bruidne Da Derga nach léir cad ina thaobh go bhfuil an t-ainm sin uirthi: feic Eleanor Knott (eag.), *Togail Bruidne Da Derga* (Baile Átha Cliath, 1936), 11 agus 41.

Is ionann *cích* na Gaeilge agus *cig* na Breatnaise go sanasaíoch, ach 'flesh, meat' seachas 'breast' ba bhrí leis an bhfocal Breatnaise i bhfad siar. B'shin an chiall a bhaineadh scoláirí as ina gcuid anailise ar ainm an bhandé: Maier, 'Sugere mammellas', 154–5. Is cosúil gurb í brí na Gaeilge a bhí leis an bhfocal ó thús: feic Ranko Matasović (eag.), *Etymological Dictionary of Proto-Celtic* (Leiden agus Boston, 2009), s.v. **kīkā*.

³²In Peter Parkes, 'Alternative social structures and foster relations in the Hindu Kush: milk kinship allegiance in former mountain kingdoms of northern Pakistan', *Comparative Studies in Society and History* 43/1 (Eanáir 2001), 4–36, ar 4–5.

³³Maier, 'Sugere mammellas', 155–6.

³⁴C. M. Eska (eag.), *Cáin Lánamna: An Old Irish Tract on Marriage and Divorce Law* (Leiden agus Boston, 2010), 84 (§2), aist. 85. Luann eagarthóir an téacs dáta c. 700 leis (feic 61–2).

³⁵Peter Parkes, 'Fostering fealty: a comparative analysis of tributary allegiances of adoptive kinship', *Comparative Studies in Society and History* 45/4 (Deireadh Fómhair 2003), 741–82, ar 741.

³⁶Stokes, 'The battle of Carn Conaill', 205 (§1).

³⁷*DIL* s.v. *ailid*.

kinship through *altram* fosterage, where nurturant duties of adoptive parenthood and cliental allegiances of milk kinship remained fundamental.³⁸

Dar leis, mar sin, go n-idirdhealaítí na coincheapa cothú cíche agus altramas sa réamhstair. Seachas na coincheapa úd a bheith cumaiscthe fén ré mheánaoiseach, áfach, maíonn Edward Gwynn nach n-idirdhealaítí iad ó thús:

Language does not originally distinguish between nurse and foster-mother, and fosterage may be considered as a natural development of nursing, arising when considerations of health or other special circumstances render it desirable to separate the child for a time from its parents.³⁹

Tá gaol sanasaíochta ag *ailid* na Gaeilge le *alere* na Laidine, ‘to suckle, nourish’,⁴⁰ agus is féidir an bhrí seo a bheith le *ailid* leis. Is léir, mar shampla, gurb é sin a bhí i gceist sa dán *Admuiniur secht n-ingena trethan: Admuiniur Senach sechtamserach* | *conaltar mnā síde for bruinnib būais* ‘I invoke Senach of the seven periods of time | whom fairy women have reared on the breasts of plenty.’⁴¹

MUIRE AGUS ÍOSA

Níl gaol idir bean agus naíonán is mó a dtagraítear dó i litríocht na Gaeilge ná an ceann idir Muire agus Íosa agus ní tearc na samplaí den Maighdean ag cothú an Linbh. Tá ceann in *Trom an suan-so ar síol Ádhaimh*, le Tadhg Óg Ó hUiginn:

An chioch ar ar oil an ógh
Oidhre Dé dia do shíothlódh
luach a bhfuair an leanb dá lacht
do chuaidh a fhearg ar umhlacht.

‘The breast whereon the Virgin nourished God’s Son – wondrous peace-making! – the result of its milk drunk by the Child was that His wrath turned to gentleness.’⁴²

³⁸Peter Parkes, ‘Fosterage, kinship, and legend: when milk was thicker than blood?’, *Comparative Studies in Society and History* 46/3 (Iúil 2004), 587–615, ar 602.

³⁹E. J. Gwynn in James Hastings (eag.), *Encyclopædia of Religion and Ethics* (Dún Éideann, 1913), vi, 104–9, ar 104.

⁴⁰Feic Michiel de Vaan (eag.), *Etymological Dictionary of Latin and the Other Italic Languages* (Leiden agus Boston, 2008), s.v. *alō*, *-ere*. I measc na mbríonna atá le *alere* tá ‘to suckle, nurse, feed (offspring); to supply (a person, etc.) with food, feed; (also pass.) to be nurtured, grow; to rear, bring up (children)’: Lewis agus Short, *A Latin Dictionary*, s.v. *alō*.

⁴¹Kuno Meyer (eag.), ‘An Old Irish prayer for long life’, in Oliver Elton (eag.), *A Miscellany Presented to John Macdonald Mackay, LL.D., July 1914* (Learpholl, 1914), 226–32, ar 230 (§3), aist. 232. Deireann Meyer (227) go mbaineann an dán leis an gcéad leath den ochtú haois.

⁴²Lambert McKenna (eag.), *Dán Dé: The Poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the Religious Poems in the Duanaire of the Yellow Book of Lecan* (Baile Átha Cliath, 1922), XVII.29, aist. lch 98; cúigiú haois déag: lch vii.

Ciallaíonn *síthlad*, *síthlód* ‘act of flowing, pouring forth’.⁴³ B’fhearr, mar sin, *dia do shíothlódh* a léamh mar ‘a sufficient pouring forth’ nó ‘a sufficient flowing’, aistriúchán a ghabhann le coincheap úd an táil bhainne a luadh thuas.

Is suaithinseach, leis, go n-úsáidtear *ailid* pé acu máthair fhola nó máthair altrama a chothaíonn an leanbh. Soláthraíonn Blathmac sampla níos luaithe ná an ceann so de mháthair ag oiliúint linbh gur léir gur mac fola é seachas mac altrama.⁴⁴ Tagairt eile do Mhuire agus Íosa atá ann: [s]*jirsan dot mac – dígrais dál! | ron-ailt-siú a oenurán* ‘[h]appy for your son whom you have reared alone (excellent occasion!)’.⁴⁵ Dealraíonn sé gur cothú cíche atá i gceist anso, óir tugtar aitheantas sa dán céanna do ról Sheosaimh i dtógaint Íosa.⁴⁶

Cás ann féin is ea breith Chríost, dar ndóigh. Ní deacair traidisiún a shamhlú ag fás inar chuir Dia an Leanbh Íosa ar altramas ag Muire. Tagraítear do Mhuire mar mháthair agus mar bhuime in éineacht i rann amháin den ndán ‘The Irish Gospel of Thomas’. Is léir go mbaineann an íomhá so di mar bhuime len i a bheith ag tál ar an Leanbh:

Cisi in máthair con-bert
a ngein-se i mbrú?
Cisi muime bat tualaing
rod-alad in sú?

‘Who is the mother who conceived this being in womb? Who is
the foster-mother who was able to nurse the suckling?’⁴⁷

⁴³*DIL* s.v. *síthlad*, *síthlód*.

⁴⁴Luann James Carney dáta c. 750–70 lena chuid filíochta: *The Poems of Blathmac Son of Cú Brettan, Together with the Irish Gospel of Thomas, and a Poem on the Virgin Mary*, ITS 47 (Baile Átha Cliath, 1964), xiv. Tá an chuma air nach n-esaontaíonn David Stifter leis an ndáta so: feic ‘The language of the poems of Blathmac’, in Pádraig Ó Riain (eag.), *The Poems of Blathmac Son of Cú Brettan: Reassessments* (Londain, 2015), 47–103, ar 58.

⁴⁵Carney, *The Poems of Blathmac*, 62 (línte 721–2), aist. 63. Úsáideann Carney briathar difriúil ag aistriú líne eile mar seo, fé fhilleadh an Naomhtheaghlach ar Íosrael tar éis d’Iorua bás a fháil: *du-breth mac rí nime nél | du altrum i tír Israel* ‘the son of the king of cloudy heaven was brought to be fostered in the land of Israel’ (ibid. 8 (línte 95–6), aist. 9). Thairis sin, tagraíonn Blathmac do [i]n mac ronn-ucais, ron-ailt ‘[t]he son you have borne and reared’: ibid. 68 (l. 797), aist. 69.

⁴⁶Tugtar mac Sheosaimh ar Íosa i rann 19, mar a molann an t-aingeal dó Muire agus Íosa a thabhairt go dtí an Éigipt. Feic, áfach, *Félire Óengusso*, mar a dtugtar *aite Issu* ar Sheosamh: Whitley Stokes (eag.), *Félire Óengusso Céili Dé: The Martyrology of Oengus the Culdee* (Londain, 1905), 100 (§19).

⁴⁷Ibid. 100 (rann 32), aist. 101. *Mac Maire*, agus ní *dalta*, a thugtar ar Chríost níos minice ná aon teideal eile i bhfilíocht na tréimhse 700–1200: Peter O’Dwyer, *Mary: A History of Devotion in Ireland* (Baile Átha Cliath, 1988), 47. Ar an láimh eile, tugtar máthair Íosa ar Naomh Brigit amanta: e.g. J. H. Bernard agus R. Atkinson (eag.), *The Irish Liber Hymnorum* (Londain, 1898), i, 110, aist. ii, 39; agus [b]id *alamaire mar-Choimded mathair* ‘she will be another Mary, mother of the great Lord’, aist. ag M. A. O’Brien, in Peter O’Dwyer, ‘Mary in early Irish tradition’, *Archivum Hibernicum* 41 (1986), 72–82, ar 72.

Níl aon ní eisceachtúil mar gheall ar an dtagairt seo do Mhuire mar bhuime.⁴⁸ Ní mór a rá go gcuirtear síos ar Mhuire mar mháthair, leis, i bhformhór na ndánta ina dtagraítear di mar bhuime Íosa, go minic in aon rann nó ar an aon líne fiú (sa rann thuas, mar shampla, ó ‘The Irish Gospel of Thomas’, nó anso: *is í a mháthair ‘s a mhuime*).⁴⁹ An é gur leis an máthair a shamhlaí breith an linbh agus leis an mhuime an cothú, pé acu máthair fhola nó máthair altrama í? Nó an raibh traidisiún ann inar altramaigh Muire, cliant Dé, Mac a Pátrúin?⁵⁰ Sin ceist is fiú a fhiosrú níos mine.

TUISMITHEOIRÍ FOLA I MBUN ALTRAMAIS

In eagrán Johan Corthals de *Immathcor nAilella ocus Airt* úsáidtear an briathar céanna *ailid* ag tagairt do mháthair thréigthe a bhí ag tógaint a clainne fola. Nuair a saolaíodh cúpla do Shadb, scar Ailill Aulomm léi. Dá dheasca san, b’éigean do Shadb a gelann a oiliúint ina haonar: *rus-n-alt Sadb hi Comailt hUethne*.⁵¹ Toisc gurbh é sliocht a brúinne féin a bhí á oiliúint ag Sadb, seachas clann altrama, ní dóigh liomsa go bhfuil aistriúchán Chorthals ar an líne seo go hiomlán iontaofa: ‘Sadb fostered them in Comalt Uaithne.’⁵² Is fearr d’fhocal ‘reared’, dar liom, a sholáthraíonn sé in aistriúchán an réamhrá a ghabhann leis an reitric: *rocomalt-sí a mac ⁊ a hingean* ‘she reared her son and her daughter together.’⁵³ Sa téacs *Togail Bruidne Da Derga*,

⁴⁸Níl sna samplaí seo a leanas ach fíorbheagán den iliomad tagairtí don ngaol idir Muire agus Íosa a bhaineann úsáid as friotal a shamhlaímid le hinstiúid an altramaí nó le máithreachas cíche: i ndán a leagtar ar Dhonnchadh Mór Ó Dálaigh (d’éag 1244: McKenna, *Dán Dé*, lch viii), tugtar *muime Meic ar dThighearna* (sic) chomh maith le *máthair Ríogh náraigh nimhe* ar Mhuire (ibid. XXIV.24, aist. lch 112); tugtar a *bhanaltra Mheic Mhairia* uirthi i ndán eile dá chuid (ibid. XXVIII.10, aist. lch 124); tugann Tadhg Óg Ó hUiginn (d’éag 1448: ibid. lch vii) a *bhuime chích* uirthi (ibid. XV.8, aist. lch 94). Le haghaidh úsáid an fhocail *buime* mar thagairt do Mhuire sa chnuasach *Dán Dé* feic, mar shampla, II.11 agus XX.38. Feictear Gearóid Iarla á úsáid, leis: Gearóid Mac Niocaill (eag.), ‘Duanair Ghearóid Iarla’, *Studia Hibernica* 3 (1963), 7–59, XIX.2 (ar lch 37). Tugtar *dalta* ar Íosa i ndán le Cormac Ruadh Ó hUiginn (McKenna, *Dán Dé*, XXII.38, aist. lch 109), agus i gceann eile le Muireadhach Albanach (Osborn Bergin (eag.), *Irish Bardic Poetry: Texts and Translations, Together with an Introductory Lecture* (Baile Átha Cliath, 1970), XXI.20, aist. lch 256: [d]alta iongnadh dot ucht bhán | agus dot fhult fhionnghlan úr | do Mhac agus t’Fhear ar-aon | a shlat shaor gheal ar do ghlún ‘[t]here was a wonderful nursing for your white breast and for your fresh bright pure hair – your Son and your Husband were together on your knee, o noble bright branch’. Téann Donnchadh Mór céim níos faide ná na filí eile nuair a thagraíonn sé don Athair, don Mac agus don Spiorad Naomh mar thriúr daltaí: [b]uime trír máthair mhic Dé [...] banaltra thrí dtighearna (Láimhbheartach Mac Cionnaith (eag.), *Dioghluim Dána* (Baile Átha Cliath, 1939), XXIX.1; tá tagairtí mar seo tríd an ndán ar fad).

⁴⁹Mac Cionnaith, *Dioghluim Dána*, XXIX.12.

⁵⁰Tá go leor tagairtí sa Bhreantais, leis, ina mbaintear úsáid as téarmaíocht a shamhlaítear le haltramas chun cur síos ar an ngaol idir Muire agus Íosa, an ceann so, mar shampla: *Anfon Ei Ysbryd iawfaeth | I Fair, fel rhoi mab ar faeth* ‘Sheol Sé a spiorad dea-altramaíthe do Mhuire, mar a bheadh leanbh a chur ar altramas’ (Rhiannon Ifans (eag.), *Gwaith Gruffudd Llwyd a’r Llygliwiaid Eraill* (Aberystwyth, 2000), XIX.47–8). Táim fé chomaoín ag an Ollamh Barry Lewis a sholáthair an tagairt seo agus a d’aistrigh go Gaeilge.

⁵¹Johan Corthals (eag.), ‘Affiliation of children: *immathchor nAilella ⁊ Airt*’, *Peritia* 9 (1995), 92–124, ar 107.

⁵²Ibid. 109. Deirtear linn gur ainmníodh an áit as an eachtra so.

⁵³Ibid. 97.

is ar thrí ghrúpa ar leith atá cúram altramas Chonaire: an bheirt fhear a d'altramaigh a mháthair, an bheirt Mhaine Milscothach, agus máthair fhola an linbh féin, Mess Búachalla.⁵⁴ Sa tslí chéanna, feicimid gurbh éigean do mháthair chiallmhar a leanbh a gineadh ó dhrúth a thógaint í féin go dtí go mbeadh sé fásta: [b]ean chodnach beres mac do druth dleagar di a altrum cu diailtre '[a] sane woman who bears a son to a fool is obliged to foster him to the completion of fosterage.' Nuair is gealt mná agus drúth na tuismitheoirí titeann an dualgas ar mhuintir na beirte araon: [b]ean mear bereas mac do druth con alur itir fine maithre ⁊ aithre '[a] madwoman who bears a son to a fool: (fosterage) is performed between the family of the mother and (that) of the father.'⁵⁵ Tuigtear ó na samplaí seo nach é amháin gur bhain an briathar *aílid* le hinstitiúid an altramaís ach le tógaint agus beathú an linbh. Is léir gur gá a bheith aireach ar an mbriathar a roghnaítear i mbun aistriúcháin, ag brath ar an gcomhthéacs.

AN MHÁTHAIR CHÍCHE

Más inghlactha an chiall atáimse a bhaint as an ainm *Sinech*, is gá, gan amhras, a léiriú ar an gcéad dul síos gurbh ann don máthair chíche i sochaí mheánaoiseach na hÉireann. Glactar leis go raibh altramas ana-thábhachtach sa tsochaí sin. Níl dabht ar bith ach gur mhinic a bhí domhainchaidreamh agus dílseacht mar dhlúthchuid de na teaghlaigh altrama a deineadh.⁵⁶ Is minic a luaitear, mar fhianaise ar threise an naisc idir gaolta altrama, an úsáid a bhaintí as téarmaí ceana mar *buime/muime* agus *aite* do thuismitheoirí altrama san áit a n-úsáidí téarmaí foirmiúla mar *athair* agus *máthair* do thuismitheoirí fola.⁵⁷ Léiríonn siad chomh maith a fhairsinge a bhí institiúid an altramaís sa tsochaí sin:

In most Indo-European languages the words for 'father' and 'mother' have intimate forms, used particularly in childhood [...] In Old Irish the intimate forms have been transferred to the foster-parents [...] If fosterage were not common in early Irish society, this shift in meaning could not have occurred.⁵⁸

⁵⁴Knott, *Togail Bruidne Da Derga*, línte 103–7.

⁵⁵R. M. Smith (eag.), 'The advice to Doidin', *Ériu* 11 (1932), 66–85, ar 69, aist. 71. B'fhéidir gur fearr an chéad tagairt a aistriú mar '[...] is obliged to rear him until he reaches the age of majority.'

⁵⁶Feic Kelly, *Guide*, 89–90. Is gnách go dtugann na foinsí le fios gur dea-rud ab ea an t-altramas. Le léiriú eile a fháil, feic na tagairtí in Colin Ireland, 'The ambiguous attitude towards fosterage in early Irish literature', in Dorothy Disterheft, Martin Huld agus John Greppin (eag.), *Studies in Honor of Jaan Puhvel. Part One: Ancient Languages and Philology* (Washington D.C., 1997), 93–6, go háirithe 94–5.

⁵⁷Feic, mar shampla, T. M. Charles-Edwards, *Early Irish and Welsh Kinship* (Oxford, 1993), 80–1. Tagraíonn Charles-Edwards do théarmaí a d'fhéadfaí a chur sa 'father-mother set' agus sa 'daddy-mummy set'.

⁵⁸Kelly, *Guide*, 86–7.

Feictear domsa gurb iad na téarmaí ceana is luaithe a fhoghlaimíonn leanbh agus é ag saothrú urlabhra ar dtúis.⁵⁹ Tugann an ghné seo d'fhorbairt na teanga le fíos go dtosnaíodh altramas go luath i saol an naíonáin.⁶⁰ Is deacair, áfach, a bheith cinnte arbh ionann an cóngas altrama agus an cóngas bainne. Ar ndóigh, ní féidir cóngas bainne a chruthú gan cothú cíche. Maíonn Lisa Bitel go ndealraíonn sé go raibh máithreacha cíche gann toisc a laghad tagairtí ar leith dóibh sa litríocht: '[n]one of the laws or any other sources explicitly mentioned wet nurses; they may have existed, but were not common enough to merit comment.'⁶¹ Téann Elizabeth Lerner níos faide fós nuair a deireann sí nach raibh ról ar bith sa tsochaí do bhean nach raibh in inmhe leanbh a chothú: 'women who could not mother (i.e. nurse) a child had no viable options for a life and place in society.'⁶² Ní chuireann sí fianaise ar bith leis an dtuairim seo, áfach, agus tá go leor samplaí sa litríocht de mhná a chomhlíonann dualgais eile seachas leanaí a chothú. Feicimid, mar shampla, sa réamhrá Meán-Ghaeilge a ghabhann le *Cáin Adamnáin*,⁶³ gur theastaigh ó mháthair an chléirigh, ach é a bheith ar a cumas, dílleachta a fheiceann siad beirt ar pháirc an áir a chothú:

'Is bōedh 7 is trógh lim-sa suut,' ar Ron[n]at māthair Adamnáin,
'aní atchīu fot cosu-su, a chlērc[h]ocān! Ced nachamlēci for lār,
co tartur mo chiigh dō? Acht is cīan mór hūadh ō dac[h]ōdar mo
chīghi-sī i ndīscā. Nī foigfide nī indtib.'

"That is a touching and a pitiful sight," said Ronnat, the mother of Adamnan, "what I see under thy feet, my good cleric! Why dost thou not let me down upon the ground that I may give it my breast? However, it is long since my breasts have run dry! Nothing would be found in them."⁶⁴

⁵⁹Baineann an fhuaim *mā* (foirm eamhnaithe *mamā/māmā*) le luathchaint linbh. Uaidh seo d'fhoirmeacha mar *muime*. Ón bhfréamh chéanna *mamma* 'cíoch' na Laidine: *IEW* s.v. 3 *mā*. Is í an *muime* an té a thugann an chíoch don leanbh. Táim fé chomaoín ag an Ollamh Ruairí Ó hUiginn a chuir an forás so ar mo shúile dhom.

⁶⁰Is díol suime go luann téacs leighis go raibh mar chúram ar an mbuime im a chimilt d'fhiacla an linbh (nó don ndrandal, ní foláir) nuair a thosnaíonn siad ag fás: *in uair is aimser dona fiaclaib fás dlighid na banaltranna im do coimilt do cir in leinim* (Winifred Wulff (eag.), 'A mediaeval handbook of gynaecology and midwifery', in J. Fraser, P. Grosjean agus J. G. O'Keeffe (eag.), *Irish Texts* (Londain, 1934), v, 46 (§30)). Ní luann an buntéacs Laidine aon ghníomhaí leis an gcúram so (47). Is gnách go ngearrtar fiacla linbh idir cúig agus naoi mí d'aois: E. S. McKinney, S. R. James, S. S. Murray agus J. W. Ashwill, *Maternal-Child Nursing*, an tríú heag. (St Louis, 2009), 93.

⁶¹Bitel, *Land of Women*, 87. Ina theannta san, deireann sí (102) go mb'fhéidir go mbíodh máithreacha altrama róshean le clann a bhreith nó leanbh a chothú.

⁶²E. A. Lerner, 'Virgins and mothers: feminine ideals and female roles in the early Irish Church', *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 14 (1994), 162–74, ar 164. Úsáideann sí *Cáin Adamnáin* mar chruthúnas air seo.

⁶³Baineann an réamhrá le deireadh na deichiú haoise nó leis an aonú haois déag luath: feic Máirín Ní Dhoonchadha, 'The *Lex Innocentium*: Adomnán's law for women, clerics and youths, 697 A.D.', in Mary O'Dowd agus Sabine Wichert (eag.), *Chattel, Servant or Citizen: Women's Status in Church, State and Society* (Béal Feirste, 1995), 58–69, ar 58.

⁶⁴Kuno Meyer (eag.), *Cáin Adamnáin: An Old-Irish Treatise on the Law of Adamnan* (Oxford, 1905), 6 (§8), aist. 7.

In ainneoin nach bhfuil ar chumas na mná so leanbh a chothú a thuilleadh, is léir go bhfuil ról cinnte aici: spreagann sí an cléireach chun an bhean mharbh a athbheochan agus cuireann dualgas air ina dhiaidh san an cháin iomráiteach a fhógairt.

Níl ach dhá thagairt ag Fergus Kelly don máthair chíché in *A Guide to Early Irish Law*. I gcás amháin baintear leanbh de mháthair toisc nach bhfuil sí oiriúnach i súile an dlí le clann a thógaint: *dingbáil maic di chích* ‘removing a child from the breast’. Baineann an cosc so le mná nach raibh in inmhe, go fisiciúil nó go meabhrach, chomh maith le mná a bhí in ainm is a bheith mímhóralta, bancháintí nó striapacha, cuir i gcás. Tagraíonn an cás eile do mháthair a fuair bás: *athgabáil dingbála meic di marbhchích a mathar* ‘distrained to enforce the removal of a child from the dead breast of its mother’.⁶⁵ Sa dá thagairt i saothar Kelly, altramas cinniúna nó ‘crisis fosterage’ atá fé chaibidil, réiteach ar uair na práinne seachas córas sóisialta chun naisc dhilseachta agus mhuiníne a fhorbairt.⁶⁶

SAGHASANNA ALTRAMAIS

Sa domhaintaighde atá déanta aige ar institiúidí an chónngais uchtaithe thar réimsí fairsinge den Eoráise, idirdhealaíonn Parkes altramas cliantach ‘cliental’ agus altramas pátrúnach ‘patronal’. Go hiondúil, baineann an dara cineál, mar a n-altramaíonn pátrún leanbh a chliant, le réimsí a dtugann sé ‘developed patrimonial states’ orthu, agus ba ghnách leanaí níos sine ná naíonáin a bheith i gceist. San altramas cliantach, ar an láimh eile, is cliant a ghabhadh leanbh an phátrúin ar altramas. Tharlaíodh sé seo ana-luath, díreach tar éis breithe uaireanta. Bhain sé le ‘segmentary-tributary polities’, a raibh Éire ina measc dar le Parkes.⁶⁷ Aontaíonn Bitel gur ghnách go dtéadh leanbh uasal ar altramas ag duine nó daoine in aicme shóisialta níos ísle ná é: ‘[n]ot just noble parents but those of all free ranks supposedly participated in the system whereby a couple usually of lower status than the parents raised, either for love or money, their social superiors’ sons and daughters.’ Tagraíonn sí do *CIH* 1760 mar chruthúnas air seo,⁶⁸ cé nach léir domsa aon fhianaise iontaoifa a bheith ann. In ainneoin na dtuairimí sin deireann Jaski: ‘[a] foster-father was normally of the same status as his fosterling’;⁶⁹ agus tá Bray ar aon

⁶⁵*CIH* ii, 375.4; 400.4; in Kelly, *Guide*, 86.

⁶⁶Irdhealaítear ‘crisis fosterage’ agus ‘kinship fosterage’ in E. N. Goody, *Parenthood and Social Reproduction* (Cambridge, 1982), 37–54. Maidir le Máel Dúin, a luadh thuas (n. 15), áitíonn Kühlmann (*Die irische Ziehkindschaft im europäischen Kontext*, 45) gur altramas cinniúna a bhí i gceist mar gheall ar imthosca a bhreithe. De réir an téacs, áfach, caitheadh le triúr mac an rí, a bhfuil an chuma air nár bhain aon ní as an ngnáth lena mbreith, sa tsli cheannann chéanna le Máel Dúin: feic Stokes, ‘The voyage of Mael Duin’, 454.

⁶⁷Parkes, ‘Fostering fealty’, 743–54; sainmhíníonn sé iad so mar ‘segmentary states, peripheral to patrimonial or bureaucratic states, whose administration was articulated through internally ranked kin groups or conical clans.’

⁶⁸Bitel, *Land of Women*, 86–7 agus 256 n. 10. Ina dhiaidh so (102), glacann sí leis nach féidir a bheith cinnte go raibh aicme níos airde ag na leanaí altrama ná mar a bhí ag na tuismitheoirí altrama.

⁶⁹Jaski, ‘Cú Chulainn, *gormac* and *dalta*’, 26. Deineann sé an ráiteas so a cháiliú ar ball (n. 106).

intinn leis.⁷⁰ Is fiú aitheantas a thabhairt do na sleachta as *Antéchtæ* (*Breth*)⁷¹ ina bhfeictear dhá shaghas ar leith altramaí. I gceann amháin *in dalta is e is flaith ann seo* ⁊ *int aite is e ceile* ‘is é an dalta an flaith anso agus is é an t-oide an céile,’ ach sa cheann eile *int aithe is e is flaith and-so* ⁊ *in dalta is e is ceile* ‘is é an t-oide an flaith anso agus is é an dalta an céile.’⁷²

TÚS AN ALTRAMAIS

Mar a dúradh cheana, tagraítear do sheacht mbliana mar aois le tús an altramaí go minic.⁷³ Fén aois seo, dar ndóigh, ní bheadh gá le máthair chíche. Tagairt amháin a cuireadh chun cinn ag tacú leis seo ná *EACHUIB INAIMSIR IMRIME* [...] *i. o aite o .uii. mblidnuibh amach* ‘capaill ag am marcaíochta [...] i. ó athair altrama ó sheacht mbliana amach.’⁷⁴ Ní chiallaíonn sé seo go dtosnaíodh altramas ag seacht mbliana, áfach, ach go raibh an aois sin oiriúnach le tosnú ar mharcaíocht a fhoghlaim. Dealraíonn sé go bhfuil tuairim Jenny Bledsoe bunaithe ar Bheatha Mholing,⁷⁵ mar a lorgaíonn Moling comhlúadar an Linbh Íosa agus É in aois a seacht. Níl an chuma air gur altramas atá i gceist anso, áfach, ach cuideachta bheannaithe ar feadh tamaill.⁷⁶ Sa Bheatha chéanna deireann an naomh: *beir lat in náidhin ⁊ a māthair leis da lessughadh corob am léigind dó* ‘bring the babe with thee, and his mother with him to maintain him until his time of study arrives.’⁷⁷ Mar is léir ó aistriúchán Stokes, bhí an buachaill ag dul i mbun léinn ag aois a seacht, an aois chéanna ina dtéadh buachaillí i mbun marcaíochta. Ach ní hionann san is a rá gur thosnaigh altramas ag an aois sin.

Tá roinnt fianaise le fáil sa traidisiún liteartha a thugann léiriú dúinn ar an gceist. Sa téacs a dtugann a eagarthóir ‘The adventures of Ricinn daughter of Crimthann mac Lugdach’ air, mar shampla, cuireann Crimthann a iníon ar

⁷⁰Bray, ‘Suckling at the breast of Christ’, 292.

⁷¹Téacs ginearálta a bhaineann le réimse fairsing ábhar: feic Liam Breatnach, *A Companion to the Corpus Iuris Hibernici* (Baile Átha Cliath, 2005), 168 (§5.6.3). Tá an téacs so níos luaithe ná *Bretha Nemed Toisech* (169 (§5.6.4)), a luann Breatnach (190) dáta sa dara ceathrú den ochtú haois leis.

⁷²*CIH* i, 171.5–6; 171.13, aist. agam féin. Is cirte, b’fhéidir, tagairt do stádas an athar seachas stádas an linbh: *ar id comdire mac righ ⁊ mac aithigh co cenn .uii. mblidnae* ‘óir is ar comhdhíre mac rí agus mac aithigh go ceann seacht mbliana’ (*CIH* iii, 923.3–4, aist. agam féin). Ina dhiaidh san, braitheann díre an linbh ar dhíre a athar nó ar dhíre a athar altrama: feic D. A. Binchy (eag.), ‘Bretha Crólige’, *Ériu* 12 (1938), 1–77, ar 8 (§7), aist. 9.

⁷³Feic n. 6 thuas.

⁷⁴*CIH* v, 1761.3–4, aist. agam féin. Tagraíonn Bitel do *CIH* 1761 nuair a deireann sí ‘[n]o laws set an age at which mothers bade farewell to their babes, but jurists hinted that the age of seven, when sexless infants became educable little boys and girls, was the appropriate time to begin a child’s training’: *Land of Women*, 87 agus 256 n. 12. Is í an líne seo agus 1761.32 (tagairt eile do mharcaíocht) an t-aon dá líne ann (mar a bhfuil a lán tagairtí do na nithe gur chóir a mhúineadh do bhuachaillí) ina dtagraítear d’aois an pháiste ar altramas.

⁷⁵Bledsoe, ‘St Ita of Killeedy’, 14.

⁷⁶Feic Whitley Stokes (eag.), *The Birth and Life of St. Moling: Edited from a Manuscript in the Royal Library, Brussels, with a Translation and Glossary* (Londain, 1907), 30 agus 32 (§39), aist. 31 agus 33.

⁷⁷*Ibid.* 12 (§9), aist. 13.

altramas ag sagart go ceann seacht mbliana óna baiste amach. Ina dhiaidh san, chuir an sagart chuig Cáirech Dergain í le hoideachas a fháil:

Beiridh iarum in cléirech in ingen lais. Nos-altramann iarum go cenn secht mbliadan í. Atnaig in cléirech leis co Cáirigh nDercain hī 7 mos-aithin aicce í do léigenn lē. Āsaid in ingen iarsin eter ghenus 7 grēs 7 lēigenn 7 deilb 7 dēnum 7 ālaigh 7 erlabhra.

‘Beireann an cléireach an iníon leis ansan. Altramaíonn sé ansan go ceann seacht mbliana í. Tugann an cléireach leis í go Cáirech Dergain agus tiomnaíonn dó í le léann a fháil. Fásann an iníon ina dhiaidh san i ngeanas agus gréas agus léann agus deilbhiú agus déanamh agus iompar agus solabharthacht.’⁷⁸

Maidir le hóige Sétanta, feictear dúinn in *TBC I* gur thóg a thuismitheoirí é go dtí go raibh sé cúig bliana d’aois, roimh dó dul go hEmain Macha mar a raibh sé ina dhalta ag Conchobar.⁷⁹ Leanbh eisceachtúil ab ea Sétanta ar go leor slite, dar ndóigh. Chuaigh sé chun cinn ó thréimse go tréimhse dá óige ní ba luaithe ná mar ba ghnách. Fág go mbaineann Sétanta leis an miotaseolaíocht, tá caoineadh stairiúil le Giolla Brighde Mac Con Midhe a bhaineann le cailín a cailleadh ar altramas in aois a cúig bliana.⁸⁰ Go hachomair, mar sin, is féidir a áiteamh go bhféadfadh stádas an linbh altrama athrú ag aois a seacht, nó go bhféadfadh altramas tosnú thart ar an aois sin, ach nach den riachtanas gur ag an aois sin a thosnaíodh sé go hiondúil.

TRÉIMHSÍ AN ALTRAMAIS Ó FHIANAISE NA dtÉACSANNA DLÍ

Is léir ó na dlíthe go bhféadfadh altramas tosnú ana-luath ar fad i saol an linbh. Luann Kelly go dtagraíonn an téacs ar dhíre do dheartháireacha altrama a bhí chomh hóg san gur tógadh in aon chliabhán iad.⁸¹ In *Cáin Lánamna* tugtar aitheantas don gcaidreamh idir buime agus mac altrama, an t-aon chomhghaol altrama a luaitear ann. Sa tráchttaireacht a ghabhann leis an dtéacs, tugtar suntas dá luaithe a ghlacann an bhuime ról lárnach i saol an linbh:

.i. fría mo-uime, mo do-ní uime ina int aite .i. a tegha[d] 7 a chluda[d] 7 [a] altrama; † mucha do-ní uime ‘nas gac duine; † is mo na mí no(s)-ailenn.

‘i.e. with his *mo-uime* “greater-concerning him”, she does more concerning him than the foster-father, i.e. warming him and

⁷⁸Kuno Meyer (eag.), ‘A medley of Irish texts’, in *ACL* iii, 302–26, ar 308 (§vi), aist. agam féin. Is díol suime an sliocht so, leis, maidir le hoideachas cailíní.

⁷⁹*TBC I*, l. 399, aist. lch 136: [al]ta-som [...] la máthair 7 la athair; l. 537, aist. lch 140; l. 570, aist. lch 141.

⁸⁰Seo a deirtear mar gheall ar an gcailín: *nír shlán acht cúig ceirtbhlíadhna* ‘only five full years were completed’ (N. J. A. Williams (eag.), *The Poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe*, ITS 51 (Baile Átha Cliath, 1980), II.13).

⁸¹*CIH* ii, 439.16; in Kelly, *Guide*, 86: *comalta óencléib*.

clothing him and nursing him, or she does [things] concerning him sooner than every person; or she nurses him more than a month.⁸²

Maidir le *Mellbretha*, is é sin an dlí a bhaineann le gortuithe a fhaigheann leanaí le linn cluichí a imirt,⁸³ deintear an óige a roinnt i dtrí chuid: *tri haoise eim-coimsithar dona macaib beca .i. 7. mbliadna 7 da bliadain .x. 7 .7. mbliadna .x.* ‘leagtar amach trí thréimhse do na leanaí óga .i. seacht mbliana agus dhá bhliain déag agus seacht mbliana déag d’aois’,⁸⁴ is é sin le rá go gcríochnaíonn thréimhse thosaigh na hóige ag seacht mbliana, an dara thréimhse ag dhá bhliain déag agus an thréimhse dheireanach ag seacht mbliana déag d’aois.⁸⁵ Aontaíonn an aois dheireanach a luaitear anso le foinsí áirithe a mhaíonn go gcríochnaíodh buachaill a altramas in aois a seacht déag.⁸⁶ In *Cáin Íarraith*, an dlí a bhaineann le táille altramais,⁸⁷ feictear na trí thréimhse chéanna á gcur i bhfeidhm maidir le húdarás na dtuismitheoirí altrama ar a gcuid daltaí agus conas ba cheart dul i ngleic leis na coireanna a d’fhéadfadh na leanaí féna stiúir a dhéanamh:

CIA AIRET BIS IMCOMUS FOR MACUIB NALTRUMU .i.
cia fat bis eimcuimsiugud curtha forna macaib donither d’altram?
a tri: tomaithimh [curtha] (?) in mic cin a denumh ina cetcinadh,
a curadh isin .c.ais, 7 beth gan biadh la cureth isin ais tanuisi,
7 aithgin isin ais deidenuigh o da bliadain decc amach.

⁸²Eska, *Cáin Lánamna*, 96, aist. 97.

⁸³Feic Breatnach, *A Companion*, 263–4 (§5.45).

⁸⁴*CIH* iv, 1340.4–5, aist. agam féin. Feic, leis, *CIH* iv, 1341.9–12: *Mad iar .7. mbliadnaib .x., is lanfiach fair, cid e a .c.chin cincob é .i. cin tainisi iar .7. mbliadnai 7 is cuma 7 in tres cin co .7. mbliadna. IS é airad is ecodnac in mac 7 is e re in altrama* ‘má tá seacht mbliana déag slánaithe aige, gearrtar lánfhíneáil air, más é a chéad chion é nó munar ea .i. is ionann é agus an dara cion os cionn seacht mbliana, agus an tríú cion fê sheacht mbliana. Is é sin an fhaid a bhíonn an leanbh gan chiall agus sin i thréimhse an altramais’ (aist. agam féin).

⁸⁵Tá aitheantas tugtha cheana féin ag Ó h-Innse do thrí thréimhse ar leith altramais, ceann acu a chríochnaíonn in aois a sé nó a seacht mbliana: ‘Fosterage in Early and Mediaeval Ireland’, 103. Tugann trí thréimhse an altramais an triad so a leanas chun cuimhne: ‘seacht mbliadhna le leanbhaidheacht, s. mb. le scolaidheacht, is s. mb. le céird’ (Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*, s.v. *le*).

⁸⁶Feic Kelly, *Guide*, 88–9: tugann sé le fios go ndeirtear in *Críth Gablach* go bhféadfadh altramas buachalla críochnú in aois a ceathair déag; is í an aois chéanna a luaitear le cailín in *Cáin Íarraith*, ach seacht déag do bhuachaill; luann *Bretha Crólige* aois a seacht déag le haghaidh cailíní agus buachaillí araon. ‘Probably there was variation in practice’, dar le Kelly. Maíonn Jaski (‘Cú Chulainn, *gormac* and *dalta*’, 23) go mb’fhéidir gur athraíodh an aois a chríochnaíodh altramas óna ceathair déag go dtí a seacht déag, agus go mb’fhéidir go raibh baint ag an athrú so le hiarrachtaí smacht a choimeád ar ógánaigh a d’fhéadfadh mioscais a chothú mar bhaill de ghrúpaí fiann (n. 89).

⁸⁷Ní mhaireann aon chóip leanúnach de, ach blúirí le gluaiséanna Sean-Ghaeilge ag *CIH* iii, 901.34–902.14, giotaí níos faide le gluaiséanna níos déanaí agus tráchttaireacht ag *CIH* v, 1759.6–1770.14, agus a thuilleadh sleachta le tráchttaireacht ag *CIH* iii, 852.13–25 (Breatnach, *A Companion*, 288); ar fáil le haistriúchán in *AL* ii, 146–93. Feic, leis, Séamus Ó h-Innse, ‘Fosterage in Old Irish Law’, tráchtas neamhfhoilsithe MA, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, 1940.

‘Cén fhaid a bhíonn smacht ar leanaí altrama .i. cén fhaid a chuirtear smacht ar na leanaí a altramaítear? A trí: greadadh a bhagairt ar an leanbh, gan é a dhéanamh, dá chéad chion; é a ghreadadh sa chéad aois; é a fhágaint gan bhia, chomh maith lena ghreadadh, sa dara haois; agus cúiteamh a dhéanamh san aois dheireanach, ó dhá bhliain déag d’aois amach.’⁸⁸

Le linn an altramaís, dá bhrí sin, laghdaíonn óige an chúisí a fhreagracht as coir. Dealraíonn sé gurb ionann an chéad choir a dheineadh leanbh idir a dó dhéag agus seacht mbliana déag d’aois, an dara ceann a dheineadh leanbh idir seacht mbliana agus a dó dhéag, agus an tríú ceann a dheineadh leanbh fê sheacht mbliana.⁸⁹ Tugadh an ‘chéad aois’ altrama ar an dtréimhse fê bhun a seacht.

Tá fianaise bhréise ar aois óg an naíonáin altrama in *Cáin Íarraith*, a thagraíonn do dhualgas na dtuismitheoirí fola *díllat cléib*, a dtugtar ‘cradle coverlet’ air in *DIL*,⁹⁰ agus [s]*aluchdíllat* a thabhairt do na tuismitheoirí altrama.⁹¹ Comhfhocail den aidiacht *salach* ‘dirty’ agus den ainmfhocail *díllat* ‘garment’ is ea *saluchdíllat*, a aistrítear mar ‘nursing clothes’ in *AL* agus ‘a child’s swaddling clothes’ in *DIL*.⁹² Saghas éadaigh chun leanbh óg a choimeád glan a bhí ann, naipcín nó maonairt b’fhéidir. B’shin an chiall a bhain an té a chuir gluais leis as: *int etach doberar imin salcar* ‘an t-éadach a thugtar i gcomhair an tsalachair’.⁹³ Seasann sé le ciall go mbeadh máthair chiche ag teastáil ó leanaí a chuirtear ar altramas chomh luath san ina naíocht. Pé scéal é, is léir go gcríochnaíodh tréimhse amháin altramaís, a mhair roinnt áirithe blianta, in aois a seacht, seachas an aois sin a bheith mar thús ar an socrú ar fad.⁹⁴

TAGAIRTÍ DÉANACHA DO CHÓNGAS BAINNE

Tá tagairtí don gcóngas bainne ar fáil lasmuigh de na dlíthe, leis. Ag tosnú le cinn dhéanacha, is léir go nglacadh tuairisceoirí deoranta leis an máthair chiche mar dhlúthchuid d’altramas in Éirinn. Is iomaí tagairt do ‘nurse’ atá i bhfoinsí Béarla de chuid na séú agus na seachtú haoise déag.⁹⁵ D’fhéach Edmund Spenser, ag

⁸⁸*CIH* v, 1768.19–23, aist. agam féin.

⁸⁹Feic, leis, Ó h-Innse, ‘Fosterage in Old Irish Law’, 25 agus 87.

⁹⁰*DIL* s.v. *clíab* (c). Glacann eagarthóirí *DIL* leis an aistriúchán a thugann *AL*. Brí eile atá le *clíab* ná ‘brollach’ (*DIL* s.v. *clíab* (e)). An bhféadfadh éadach le bean a chlúdach agus í ag cothú linbh a bheith i gceist?

⁹¹Tugann Ó h-Innse suntas do na tagairtí seo maidir le haois óg a lua le tús altramaís: ‘Fosterage in Early and Mediaeval Ireland’, 8–9.

⁹²*AL* ii 161; *DIL* s.v. *díllat* (a).

⁹³*CIH* v, 1762.18, aist. agam féin.

⁹⁴Deireann Parkes go bhfuil sé seo léirithe cheana féin ag Sheila Boll i dtráchtas nach bhfuil teacht agam air: ‘Boll [...] thus corrects an erroneous but common assumption that Irish fosterage normatively began at an age of seven years’ (feic Peter Parkes, ‘Celtic fosterage: adoptive kinship and clientage in northwest Europe’, *Comparative Studies in Society and History* 48/2 (Aibreán 2006), 359–95, ar 362 n. 6, ag tagairt do S. M. Boll, ‘Foster-Kin in Conflict: Fosterage as a Character Motivation in Medieval Irish Literature’, tráchtas neamhfhoilsithe PhD, Ollscoil Chambridge, 2002).

⁹⁵Sorcha Nic Lochlainn, ‘The foster-mother as praise poet in Gaelic tradition’, *Celtica* 27 (2013), 119–47, ar 119.

deireadh na séú haoise déag, ar altramas agus ar phósadh idir Gael agus Gall mar chonstaicí suntasacha le dul chun cinn fhorlámhas Shasana ar Éirinn. Ní bheadh mar thoradh air, dar leis, ach Gaelú na nGall:

the cheif cause of bringinge in the Irishe language amongst them [...] for first the child that sucketh the milke of the nurse must of necessitie learne his first speach of her, the which beinge the first that is envred to his tonge, is [ever] after most pleasinge vnto him [...] for besydes the yonge children bee lyke Apes, which will affecte and ymitate what they see done before them speciallie by theyre nurses, whom they loue so well, they moreover drawe into them selues to-geather with their sucke, even the nature and disposition of their nurses, for the mind followeth much the temperature of the bodye.⁹⁶

Foinse eile ó dheireadh na séú haoise déag a thagann, i gcló agus i meon, le *A View of the Present State of Ireland* de chuid Spenser ná an cháipéis ar a dtugtar ‘H. C.’s tract’.⁹⁷ Tuairimíonn Fiona Fitzsimons go dtaispeánann an téacs so gur ró-shimpliú í an deighilt dhénártha a dheineann Kelly agus é ag cur síos ar shaghasanna altramais.⁹⁸ Idirhealaíonn ‘H. C.’s tract’ cúig chineál ar leith altramais,⁹⁹ gur léir baint a bheith ag cothú cíche le cuid acu. Tagraíonn an saghas is mó is suim linne do:

miltch nurses that fostereth upp our children with their children with their breast [...] and this Irish mylke worketh such effect in our children [...] that moste of them never careth for englishmen or english civilitie ever afterwards [...] by bearinge such affection to that sorte of people who naturally are evill.¹⁰⁰

⁹⁶Edmund Spenser in W. L. Renwick (eag.), *A View of the Present State of Ireland* (Londain, 1934), 88. Chreid go leor de lucht leighis na tréimhse seo go bhféadfadh an leanbh tréithe pearsanta agus fisiciúla na buime a thabhairt leis tríd an mbainne cíche: maidir leis na tuairimí seo sa Bhreatain, feic R. K. Marshall, ‘Wet-nursing in Scotland’, *Review of Scottish Culture* 1 (1984), 43–51, ar 44–5.

⁹⁷Public Records Office (Londain), S.P. 63/203/119.

⁹⁸Fiona Fitzsimons, ‘Fosterage and gossip in late medieval Ireland: some new evidence’, in P. J. Duffy, David Edwards agus Elizabeth FitzPatrick (eag.), *Gaelic Ireland c. 1250–c. 1650: Land, Lordship and Settlement* (Baile Átha Cliath, 2004), 138–49, ar 141. Tagraíonn Kelly d’altramas a dheintí ar bhonn pá agus d’altramas a dheintí ar bhonn grá (*Guide*, 87). Is dóigh le Marion Deane gurbh é an dara cineál an t-idéal: feic Deane, ‘The debate in *Feis Tíge Becfholtaigh*: a blueprint for society’, in Gregory Toner agus Séamus Mac Mathúna (eag.), *Ulidia 3: Proceedings of the Third International Conference on the Ulster Cycle of Tales. In Memoriam Patrick Leo Henry* (Beirlín, 2013), 163–80, ar 176–7.

⁹⁹Is gá a rá gur aithníodh go raibh ar a laghad cúig chineál ar leith altramais ann sular tháinig an téacs áirithe seo chun solais: feic Kathleen Mulchrone, ‘The rights and duties of women with regard to the education of their children’, in Rudolf Thurneysen, Nancy Power, Myles Dillon, Kathleen Mulchrone, D. A. Binchy, August Knoch agus John Ryan (eag.), *Studies in Early Irish Law* (Baile Átha Cliath, 1936), 187–205, ar 187 n. 2.

¹⁰⁰Fitzsimons, ‘Fosterage and gossip’, 146.

Ag tagairt do ‘H. C.’s tract’, maíonn Fitzsimons go raibh an comhghaol idir tiarna agus cliant lárnach i ngach cineál altramaí, ag glacadh le ‘miltch nurses’ mar mháithreacha uaisle a d’altramaíodh naíonáin a bhí thart ar an aois chéanna lena gclann féin. Tá an nós so i gcodarsnacht leis an gcóras a bhí i bhfeidhm i sochaithe eile in iarthar na hEorpa (sin iad na ‘developed patrimonial states’ a luadh thuas), mar a mbíodh máithreacha cíche de chuid na cosmhuintire fostaíthe ag na huaisle chun a gclann a chothú. Is dóigh léi, mar sin, gur téarma tarcaisniúil ab ea ‘miltch nurse’ a d’úsáidí, d’aonghnó, chun stádas na máthar cíche a dhísbeagadh.¹⁰¹ Ní hionann san is a rá go raibh na máithreacha altrama ar aon leibhéal sóisialta lena leanaí altrama, ach nár mhór an difríocht a bhí eatarthu agus gur bhuaine agus gur shuntasáí an gaol a dheintí eatarthu ná idir máthair chíche agus leanbh i sochaithe eile.

D’fhéadfaí na tagairtí thuasluaite a lochtú as a bheith mí-aimseartha, ós rud é go mbaineann ábhar na haiste seo le tréimhse i bhfad níos luaithe ná iad. Os a choinne sin, is fiú tagairt do ‘Lawes of Ireland’, lámhscríbhinn Bhéarla Huntington 7042, ón seachtú haois déag, a thaispeánann, dar le Kelly, ‘how little the institutions of Irish society changed between the Old Irish period [c. 700–900] and the Flight of the Earls [1607]’.¹⁰² Pé scéal é, ní bhréagnaíonn na foinsí dúchasacha a bhfuil i gcuntaisí na Sasanach, dá chlaonta iad ar thaobh an choilínithe. Is cinnte go dtagann a gcuidsean tuairiscí lena raibh le rá ag eachtrannach eile, breis is ceithre chéad bliain roimhe sin. Agus é ag cásamh nós an altramaí in Éirinn, deireann Giraldus Cambrensis go raibh an cónasc a deineadh idir gaolta altrama ní ba dhoimhne ná an cónasc idir gaolta fola féin. Úsáideann sé téarmaí a bhaineann le cothú cíche: *alumnos et collactaneos diligunt; fratres et cognatos persequuntur* ‘gránn siad leanaí altrama agus deartháireacha altrama; ionsaíonn siad deartháireacha fola agus gaolta fola’.¹⁰³

TAGAIRTÍ EILE

Tá sampla cuí den máthair chíche in *Compert Con Culainn*. Nuair a saolaíodh Sétanta bhí plé i measc na nUltach maidir leis an dté ab oiriúnaí chun é a oiliúint. Ar deireadh, níor chloígh Conchobar le haon tuiste amháin ach le scata, mar a bhí dlite do leanbh uasal, ag cur dualgaisí éagsúla orthu. Thit cúram na máthar cíche ar chrann Fhinnchóeme: *dí chích a máthar cích*

¹⁰¹Ibid. 141–2.

¹⁰²Kelly, *Guide*, 241.

¹⁰³J. F. Dimock (eag.), *Giraldi Cambrensis Opera* (Londain, 1867), v, 167, aist. agam féin. Ciallaíonn *alumnus* ‘nursling, pupil, foster-son’; ciallaíonn *collactaneus* ‘brother or sister nourished at the same breast, foster-brother or sister’: Lewis agus Short, *A Latin Dictionary*, s.vv. Tugann na cuntais seo slíocht as *Smaointe Beatha Chríost* chun cuimhne, aistriúchán Gaeilge ar bhuntéacs Laidine ar dóigh lena eagarthóir gur cumadh ag tús na ceathrú haoise déag é: Cainneach Ó Maonaigh (eag.), *Smaointe Beatha Chríost .i. Innsint Ghaelge a chuir Tomás Gruamdha Ó Bruacháin (fl. c. 1450) ar an Meditationes Vitae Christi* (Baile Átha Cliath, 1944), xiii. Agus í ar cuairt ag Eilís, piocann Muire an leanbh Eoin suas ina baclainn agus tugann an chíoch dó. Ina dhiaidh san ba mhó a ghrá do Mhuire ná dá mháthair féin: *dob airde a ghradh inntí sin na i n-a mhathair* (20 (§38)). Níl fáil ar an ngiota so in aon cheann de na lámhscríbhinní Laidine (235).

Finnchóeme ‘[is iad] dhá chíoch a mháthar cíoch[a] Fhinnchóeme.’¹⁰⁴ Tá leagan eile den gcoimpeart a bhréagnaíonn tuairim thuasluaite Bhitel, is é sin go mb’fhéidir go roghnaití mar mháithreacha altrama mná a bhí róshean len a thuilleadh leanaí a shaolú, chun deis a thabhairt do mháithreacha óga leanúint de chúram na breithe.¹⁰⁵ Sa leagan so den gcoimpeart castar orainn Cet mac Mágach agus a thuismitheoirí altrama. In ainneoin Cet a bheith fásta fén am so, ní hamháin go bhfuil a bhuime fós óg a dóthain le bheith ina máthair ag an naionán, Lóg, ach baintear an leanbh so den gcíoch le go gcothódh sí Sétanta óg ina áit:

Beiridh dī Ceat ar altrum mac Deichtire 7 dos-ber i n-ucht a buime 7 a aide he 7 bentair Lægh da chich roime. Teit dī Ceat i Connachtaibh iar sin, 7 fairisidh a bhuime 7 a aide la hUltu ac altrum ConCulaind.

‘Tógann Cet mac Dheichtire ar altramas ansan agus cuireann sé i gcúram a bhuime agus a oide féin é agus baintear Lóg dá chíoch roimhe. Téann Cet go Connachta ansan, agus fanann a bhuime agus a oide in Ultaibh ag tógaint Chon Chulainn.’¹⁰⁶

I mBeatha Nua-Ghaeilge Mhuire, aistriúchán ar théacs Laidine, feictear nach raibh máthair chíche ag Muire: ‘níor iarr a máthair buime dá hoileamhuin amhail iarraid mná eile ach a hoileamhuin ar a cíochaibh féin.’¹⁰⁷ Sampla de mháthair chíche ó litríocht na Sean-Ghaeilge is ea scéal Naomh Íte. Daol mór a bhí mar dhalta aicise. Dhein a cothú díobháil d’Íte: *dael oc a diul méitigther oirce ro chlóid a lethtaeb uile* ‘a stag-beetle as big as a lapdog a-sucking her completely destroyed one of her sides.’¹⁰⁸ Agus Íte as baile, lá, maraíonn a cómhán rialta a dalta. Éilíonn sí an Leanbh Íosa mar dhalta in ionad an daoil ionúin, agus feictear í Á chothú sa dán iomráiteach *Ísucán*.¹⁰⁹ Leagann Bray béim ar leathnú an ról mháthartha ó chúram fisiciúil go cúram spioradálta.¹¹⁰ In ainneoin gur thug Íte an chíoch don ndaol agus don Leanbh Íosa, níor

¹⁰⁴A. G. van Hamel (eag.), *Compert Con Culainn* (Baile Átha Cliath, 1978), 1–8, ar 8. Luann van Hamel (1) dáta san ochtú nó sa naoú haois leis.

¹⁰⁵Feic n. 61 thuas.

¹⁰⁶Rudolf Thurneysen (eag.), *Zu irischen Handschriften und Literaturdenkmälern* (Beirlín, 1912), 44, aist. go Gearmáinis ar 47; aist. go Gaeilge agam féin. Ina dhiaidh san, ní léir an leanann an bhuime de chothú na beirte in éineacht nó an ndéintear socrú eile do Lóg.

¹⁰⁷Maoghnas Ó Domhnaill (eag.), *Beatha Mhuire* (Baile Átha Cliath, 1940), 17. Tá an sonra so sa Laidin, leis.

¹⁰⁸Stokes, *Féilire Óengusso*, 42–44 (§15). Ní roghnaíonn Elva Johnston an briathar is oiriúnaí nuair a thagraíonn sí do ‘a beetle that gnawed on her flesh’: feic ‘Íte: patron of her people?’, *Peritia* 14 (2000), 421–8, ar 422.

¹⁰⁹Stokes, *Féilire Óengusso*, 44, aist. 45. Le plé ar an ndán so feic E. G. Quin (eag.), ‘The early Irish poem *Ísucán*’, *CMCS* 1 (Samhradh 1981), 39–52. Bhí cáil ar leith ar Íte mar mháthair altrama naomh na hÉireann: [*h*]ec enim uirgo multos sanctorum Hibernie ab infantia nutriuit ‘ar ndóigh, chothaigh an mhaighdean so a lán de naoimh na hÉireann ón naíocht’ (Plummer, *Vitae Sanctorum Hiberniae*, i, 99 (§3), aist. agam féin).

¹¹⁰Bray, ‘Suckling at the breast of Christ’, 294.

dhein i gcás Bhréanainn. Is amhlaidh a baineadh an naíonán naofa de chíoch a mháthar féin sarar chuaigh sé ar altramas ag Íte:

Postquam uero in domo parentum compleuit annum sue ablactationis infans benedictus, episcopus Ercus eum secum adduxit, ac cure sancte uirginis, nomine Ita, commisit.

‘Bliain tar éis don naíonán naofa a bheith bainte den gcíoch i dteach a thuismitheoirí, thug an tEaspag Erc leis é agus chuir fé chúram na maighdine beannaithe, Íte.’¹¹¹

FIR I MBUN COTHAITHE

Tá tagairtí chomh maith sa litríocht do leanaí a bheith ar an mbrollach ag fir. I gcuntas atá níos déanaí ná na samplaí atá díreach pléite, ní raibh aon bhac ar an naomh Colmán Ela, mar fhear, a chíoch a thabhairt do leanbh. Tairgeann sé *cíoch lemnachta* ⁊ *cíoch meala* ‘a pap with milk and a pap with honey’ do bheirt a bhí le bheith ina ndaltaí aige.¹¹² Is díol suime é gur minicí tagairtí do naoimh fhireanna ag cothú an Linbh Íosa, nó leanaí naofa eile, ná do naoimh bhaineanna dá gcothú sa litríocht.¹¹³ Beirt naomh eile a bhí i mbun cothaithe ná Fregius¹¹⁴ agus Findchú.¹¹⁵ Bhain mac altrama le Findchú, a tógadh óna mháthair díreach tar éis a bhreithe, an méid sin tairbhe as an gcothú a fuair sé uaidh go ndeirtear go raibh *bisech ar an mac sin nách biadh*

¹¹¹Plummer, *Vitae Sanctorum Hiberniae*, i, 99 (§3), aist. agam féin. Sa tsli chéanna, baineadh Naomh Brigit den gcíoch sarar chuaigh sí ar altramas: feic Donncha Ó hAodha (eag.), *Bethu Brigitte* (Baile Átha Cliath, 1978), 2 (§§5–6), aist. 21. Aistríodh an Bheatha ó Laidin go Gaeilge uair éigin sa naoú haois (xxvi–xxvii).

¹¹²Charles Plummer (eag.), *Bethada Náem nÉrenn* (Oxford, 1922), i, 174, aist. ii, 168.

¹¹³Bledsoe, ‘St Ita of Killeedy’, 1.

¹¹⁴Cuntas Laidine ar fáil i mBeatha Bhearaigh: Plummer, *Vitae Sanctorum Hiberniae*, i, 76 (§4).

¹¹⁵Is díol suime go dtagraíonn Stokes, ina chuid nótaí, do ‘authenticated instances of males suckling infants’: *Lives of Saints from the Book of Lismore* (Oxford, 1890), 348. Tá an ‘cruthú’ air seo in Alexander von Humboldt, *Personal Narrative of Travels to the Equinoctial Regions of America During the Years 1799–1804, Written in French by Alexander von Humboldt: Translated and Edited by Thomasina Ross* (Londain, 1852), i, 220–2, mar a soláthraíonn von Humboldt samplaí d’fhir a raibh ar a gcumas leanaí a chothú.

Tugtar *galactorrhoea* ar ‘[a]bnormal production of milk. It may occur under psychological influences or be a sign of pituitary tumor’: K. G. Auerbach agus Jan Riordan, *Study Guide for Breastfeeding and Human Lactation*, an dara heag. (Toronto agus Londain, 1999), 150. Maidir le cás fir a raibh meall ar an bhfaireog phiotútach aige feic T. M. Anoop, P. K. Jabbar agus J. M. Pappachan, ‘Lactation associated with a pituitary tumour in a man’, *Canadian Medical Association Journal* 182/6 (Aibreán 2012), 591. Cás eile, ceann nach deacair a shamhlú le saol aiséiteach cuid de na manaigh mheánaoiseacha in Éirinn, ná an ceann so: ‘lactation in men was observed in [WWII POW] camps when malnourished detainees were later liberated and provided with adequate nutrition. During the period of limited food supply, the prisoners suffered liver [...] and pituitary atrophy. After post-release increases in nourishment, the [...] pituitary gland rapidly regained [its] function and began producing estrogens [...] However, the liver was slower to recover from the stress of starvation and could not metabolise these products. The result was an imbalance of hormones that led to male lactation’: T. H. Kunz agus D. J. Hosken, ‘Male lactation: why, why not and is it care?’, *Trends in Ecology and Evolution* 24/2 (Nollaig 2008), 80–5, ar 81–2.

oca mháthair fesin dia mbeitis noenbur banaltrann fai ‘[t]hat boy thrive as he would not have thriven with his own mother if he had had nine wet-nurses under him.’¹¹⁶ Dealraíonn sé go mbíodh ba agus/nó mná ar fáil sna mainis-treacha, ó am go chéile ar a laghad, chun bainne a sholáthar do na naíonáin a théadh ar altramas chucu. Tuigtear é seo ón suntas a thugtar dá gceal i mBeatha Chóemgin:

quia mulieres et vacce longe erant a suo monasterio [...] Deus ilico misit de monte propinquo ceruam ad sanctum Coemgenum, de cuius lacte infans Felanus nutritus est.

‘mar go mbíodh mná agus ba i bhfad óna mhainistir [...] chuir Dia eilit láithreach chuig Cóemgen ó shliabh in aice láimhe, ar beathaíodh Felanus ar a cuid bainne.’¹¹⁷

Agus ní cléirigh amháin na fir a chothaíonn leanaí sa litríocht. Sna ginealaigh ag Uí Echach Muman tá tagairt do Lughaidh Cíochach:

Lughaidh Cíochach, umorro, isé ro alt na meic sin Chriomhthainn mic Eachach ar a chíochaibh féin .i. Laoghaire agus Aodh Uargharg. Agus adeirid cuid dona senchadhaibh gur lemnacht do thigeadh as an gcíoch do bheireadh do Laoghaire, agus gur fuil do bheireadh d’Aodh as an gcíoch eile. Do ghoir Lughaidh Cíochach ar na draoithibh dá láthair, agus do thesbeán dóibh a chíocha, agus mar do thighedh lemnacht do Laoghaire agus duil d’Aodh. Isé breithemhnas rugadar na draoithe air sin .i. nimh ghaisgidh agus fola do bheith ar chinél Aodha, agus sonus cethra agus lachta ar Chinél Laoghaire.¹¹⁸

In *Acallam na Senórach*, deineann Finn brionglóid ar dhá rón ag diúl a chíoch. Téann sé go Fergus Finbél ar tí bhri a bhrionglóide. Sa leagan is sine dá bhfuil againn den *Acallam*, míníonn Fergus gurb iad beirt mhac rí Chonnacht an dá rón. Bogann an scéal ar aghaidh gan a thuilleadh mínithe.¹¹⁹ I leagan níos déanaí,¹²⁰ áfach, tugann Fergus eolas breise ar an mbrionglóid. Deireann sé gurb ionann dhá chíoch Fhinn agus beirt mhac rí Chonnacht: an chúis a nascann sé an bheirt le hucht Fhinn ná go rabhadar ina ndaltaí aige.¹²¹

¹¹⁶Stokes, *Lives of Saints from the Book of Lismore*, 90, aist. 237.

¹¹⁷Plummer, *Vitae Sanctorum Hiberniae*, i, 250–1 (§31), aist. agam féin.

¹¹⁸Tadhg Ó Donnchadha (eag.), *An Leabhar Muimhneach maraon le Suim Aguisíní* (Baile Átha Cliath, 1940), 168–9.

¹¹⁹Whitley Stokes agus Ernst Windisch (eag.), *Irische Texte mit Übersetzungen und Wörterbuch* (Leipzig, 1900), iv, 89. Leagann Nessa Ní Shéaghdha (eag.) dáta idir 1142 agus 1175 ar an leagan so den saothar: *Agallamh na Seanórach*, 3 iml. (Baile Átha Cliath, 1942–5, in athcló mar aon leabhar amháin 2014), ii, lgh x–xii.

¹²⁰Ón gceathrú haois déag nó ón gcuigiú haois déag, dar le Ní Shéaghdha (ibid. lgh xxiv–xxxi).

¹²¹Ibid. 140.

CONCLÚID

Léiríonn réimse fairsing na n-eiseamláirí de chothú cíche sa litríocht gur glacadh leis an máthair chíche mar chuid den saol, mar aon leis an gcothú cíche mar chuid den altramas. Is fuirist a shamhlú go mbaistfí Sinech ar bhean toisc baint a bheith aici leis an gcúram so. Ní hionann glacadh leis an máthair chíche mar dhlúthchuid den sochaí mheánaoiseach is a rá go mbíodh a leithéid ag gach leanbh altrama dá raibh ann, gan amhras. Bhí saghasanna difriúla altramais ann, agus is fiú go mór a thuilleadh iniúchta orthu.

AOGÁN Ó hIARLAITHE

Ollscoil na hÉireann Gaillimh